2024/2461

18.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2461 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1618 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha le púdar miotalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena gcuirtear faoi réir faireachais allmhairí cairbídí tungstain neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([2]) (Cód Custaim an Aontais), agus go háirithe Airteagal 56(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. IMSCRÚDUITHE A RINNEADH ROIMHE SEO AGUS NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) De réir Rialachán (CEE) Uimh. 2737/90 ón gComhairle ([3]), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach 33 % ar allmhairí cairbíde tungstain agus cairbíde tungstain comhleáite, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ('na bearta bunaidh'). De réir Chinneadh 90/480/CEE ón gCoimisiún ([4]), ghlac an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') leis na gealltanais a thug dhá onnmhaireoir mhóra i leith an táirge faoi réir beart.

(2) Tar éis aistarraingt na ngealltanas ag an dá onnmhaireoir Shíneacha lena mbaineann, leasaigh an Chomhairle Rialachán (CEE) Uimh. 2737/90 trí Rialachán (CE) Uimh. 610/95 ón gComhairle ([5]), sa chaoi gurbh infheidhme as sin amach dleacht chinntitheach 33 % freisin ar chairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite arna onnmhairiú chuig an Aontas ag na honnmhaireoirí sin.

(3) I ndiaidh athbhreithniú éaga, trí Rialachán (CE) Uimh. 771/98 ón gComhairle ([6]), chuir an Chomhairle síneadh leis na bearta bunaidh ar feadh cúig bliana eile.

(4) I ndiaidh athbhreithniú éaga, trí Rialachán (CE) Uimh. 2268/2004 ón gComhairle ([7]), chuir an Chomhairle síneadh leis na bearta bunaidh ar feadh cúig bliana eile.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([3]) Rialachán (CEE) Uimh. 2737/90 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1990 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain agus cairbíde tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L 264, 27.9.1990, lch. 7).
([4]) Cinneadh 90/480/CEE ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 1990 lena nglactar le gealltanais a thug roinnt onnmhaireoirí i gcomhthéacs an phróisis frithdhumpála maidir le hallmhairí cairbíde tungstain agus cairbíde tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú i leith na n-onnmhaireoirí i gceist (IO L 264, 27.9.1990, lch. 59).
([5]) Rialachán (CE) Uimh. 610/95 ón gComhairle an 20 Márta 1995 lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2735/90, (CEE) Uimh. 2736/90 agus (CEE) Uimh. 2737/90 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mianta tungstain agus tiúchain díobh, ocsaíde tungstaí, aigéid thungstaigh, cairbíde tungstain agus cairbíde tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena mbailítear go cinntitheach na méideanna a fuarthas leis an dleacht frithdhumpála shealadach a fhorchuirtear i Rialachán (CE) Uimh. 2286/94 ón gCoimisiún (IO L 64, 22.3.1995, lch. 1).
([6]) Rialachán (CE) Uimh. 771/98 ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain agus cairbíde tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 111, 9.4.1998, lch. 1).
([7]) Rialachán (CE) Uimh. 2268/2004 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain agus cairbíde tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 395, 31.12.2004, lch. 56).

(5) Le Rialachán (CE) Uimh. 1275/2005 ón gComhairle ([8]), leasaigh an Chomhairle Airteagal 1(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2268/2004.

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 287/2011 ón gComhairle ([9]), i ndiaidh athbhreithniú éaga de réir Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([10]), chuir an Chomhairle síneadh 5 bliana eile leis na bearta.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/942 ón gCoimisiún ([11]), i ndiaidh athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana eile leis na bearta.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1618 ón gCoimisiún ([12]), tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana eile ('an t-athbhreithniú éaga is deireanaí') leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an táirge lena mbaineann').

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN

(9) Is é an táirge lena mbaineann cairbíd tungstain, cairbíd tungstain chomhleáite agus cairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Tá an táirge lena mbaineann ina tháirge idirmheánach, a úsáidtear mar ábhar ionchuir i monarú na gcomhpháirteanna miotail chrua amhail uirlisí gearrtha cairbíde dlúite agus comhpháirteanna buanfasacha, i mbratuithe scríobdhíonacha, in uirlisí druileála ola agus mianadóireachta agus i ndíslí agus bioranna a úsáidtear i gcomhair caolú agus gaibhniú miotal.

(10) Aicmítear an táirge lena mbaineann faoi láthair faoi dhá chód tráchtearra: cód AC 2849 90 30 agus cód TARIC 3824 30 00 10. Airítear le cód AC 2849 90 30 cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite, agus áirítear le cód TARIC 3824 30 00 10 cairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach. Is cuid de chód AC 3824 30 00 é an cód TARIC sin, lena gcumhdaítear cairbídí miotail neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le ceanglóirí miotalacha, in éineacht leis an gcód TARIC iarmharach (3824 30 00 90). Ní chumhdaítear an cód TARIC iarmharach leis na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm.

(11) Cruthaíodh cód TARIC iarmharach 3824 30 00 90 le haghaidh gach táirge a aicmítear faoi chód AC 3824 30 00 nach n-áirítear laistigh de raon táirge na mbeart.

3. IMEACHT AN ATHBHREITHNITHE ÉAGA IS DEIREANAÍ

(12) I gcomhthéacs an athbhreithnithe éaga is deireanaí, rinne na hiarratasóirí ([13]), ar cuid de thionscal an Aontais le haghaidh an táirge chomhchosúil iad, gearán nach rabhthas in ann na táirgí a aicmítear faoin gcód TARIC iarmharach a idirdhealú ó chéile. Bhí an t-idirdhealú idir na táirgí cairbíde tungstain éagsúla faoin gcód iarmharach tábhachtach ar chúiseanna faireacháin agus forfheidhmithe araon.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1275/2005 ón gComhairle an 26 Iúil 2005 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2268/2004 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain agus cairbíde tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 202, 3.8.2005, lch. 1).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 287/2011 ón gComhairle an 21 Márta 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach agus cairbíde tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 78, 24.3.2011, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51). Tá an Rialachán seo códaithe ag an mbun-Rialachán.

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/942 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 142, 2.6.2017, lch. 53).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1618 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha le púdar miotalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 199, 9.8.2023, lch. 48).

([13]) Global Tungsten & Powders spol. s.r.o., H.C. Starck Tungsten GmbH, Tikomet Oy, Treibacher Industrie AG, Umicore Specialty Powders France agus Wolfram Bergbau und Hütten AG.

(13) I rith an athbhreithnithe éaga is deireanaí, mheas an Coimisiún nach raibh na sonraí a raibh fáil orthu ó struchtúr chód TARIC atá ann faoi láthair beacht go leor chun faireachán a dhéanamh ar na sreafaí allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi chód TARIC iarmharach 3824 30 00 90, ná na táirgí uile a allmhairítear faoin gcód TARIC céanna a idirdhealú ó chéile, go háirithe cairbíd tungstain atá réidh le brú ('RTP'). Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún tuairim na bpáirtithe maidir leis an moladh chun cód TARIC nua a chruthú do RTP ionas go bhféadfar táirgí a shainaithint ar bhealach níos beaichte.

(14) Agus roinnt barúlacha faighte ag an gCoimisiún ó pháirtithe leasmhara, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas gur chinn sé gan na hathruithe a bhí beartaithe a chur i bhfeidhm i bhfianaise an athbhreithnithe éaga is deireanaí. Mar gheall ar chastacht agus ar chineál teicniúil na saincheiste, ba ghá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an ábhar nach bhféadfaí déileáil léi laistigh de theorainn ama reachtúil an imscrúdaithe ar an athbhreithniú éaga.

(15) Cuireadh san áireamh na barúlacha uile a fuarthas le linn an athbhreithnithe éaga maidir leis an struchtúr TARIC nua a bhí beartaithe. Tar éis dúnadh cháschomhad an athbhreithnithe éaga is deireanaí, an 6 Meán Fómhair 2023 chuir na hiarratasóirí isteach tuilleadh barúlacha breise. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh thíos freisin.

4. AN tIMEACHT REATHA

4.1. An t-imeacht a thionscnamh

(16) An 23 Samhain 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile san athbhreithniú éaga is deireanaí ar an eolas gur chinn sé imscrúdú breise a dhéanamh ar cé acu atá gá le struchtúr chód TARIC nua nó nach bhfuil. Cuireadh na páirtithe ar an eolas go raibh cáschomhad nua ar fáil lena iniúchadh ina raibh na doiciméid agus barúlacha uile maidir leis na hathruithe a bhí beartaithe. Chun go mbeadh páirtithe leasmhara nua, nach raibh mar chuid den athbhreithniú éaga is deireanaí, in ann clárú san imeacht reatha, cuireadh an t-imeacht ar fáil ar ardán TRON.tdi ([14]) freisin agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ([15]), áit a raibh sé le feiceáil i measc na gcásanna leanúnacha freisin ([16]) agus ar an leathanach gréasáin ar a dtuairiscítear na cásanna uile maidir leis an táirge lena mbaineann ([17]).

4.2. Barúlacha ó pháirtithe leasmhara

(17) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh barúlacha cuimsitheacha tugtha ag na hiarratasóirí agus ag dhá úsáideoir san athbhreithniú éaga is deireanaí – Betek GmbH & Co. KG ('Betek') agus Element Six GmbH ('Element Six'). Bhí siad ar fad ar son an athruithe ar an struchtúr TARIC, ach ní raibh siad ar aon tuairim maidir le foclaíocht na gcód nua.

(18) Chuir na hiarratasóirí agus Element Six i dtábhacht go háirithe tábhacht an cheanglóra orgánaigh i sainmhíniú RTP.

(19) Chuir na hiarratasóirí i dtábhacht freisin an gá RTP a shainmhíniú trí thagairt a dhéanamh dá chruth sféarúil. Os a choinne sin, d'áitigh Betek, mar gheall ar an gceanglas go mbeadh an RTP sféarúil, go n-eisiafadh ón gcód TARIC nua na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach a chomhlíonann ceanglais fhonóta 117 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1618 ([18]) ('an fonóta'), cineálacha a aicmíodh sa chód TARIC iarmharach go dtí sin. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an riosca a bheith ann go n-aicmeofaí na cineálacha cairbíde tungstain sin atá measctha go simplí le púdar miotalach faoi chód TARIC 3824 30 00 10 faoi réir beart. I bhfianaise gurbh é cuspóir athstruchtúrú an chóid TARIC RTP a idirdhealú ó tháirgí eile a allmhairítear faoin gcód TARIC céanna, choimeád an Coimisiún an tagairt don chruth sféarúil atá ar RTP chun RTP a shainmhíniú go beacht.

([14]) https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI.
([15]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2682.
([16]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/ongoing.
([17]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-history?caseId=1527.
([18]) 'Tá na cáithníní neamhrialta agus is beag sreafacht atá iontu i gcodarsnacht le cáithníní 'réidh chun púdar a bhrú', ar cáithníní iad atá sféarúil nó gráinneach atá múnlaithe, aonchineálach agus saor ag sreabhadh. Is féidir an easpa sreafachta a thomhas agus a bhunú trí úsáid a bhaint as tonnadóir calabraithe e.g. méadar sreafa HALL de réir chaighdeán ISO 4490.'

(20) D'áitigh Betek freisin, tríd an bhfonóta a scriosadh agus cód TARIC nua a chruthú do RTP amháin, go mbeadh raon táirge na mbeart leathnaithe ag an gCoimisiún gan údar i gcomhthéacs athbhreithniú éaga. Go deimhin, de réir Betek, maidir leis na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach, a chomhlíonann ceanglais an fhonóta agus a n-eisiann na bearta iad dá bhrí sin a bhuí leis an bhfonóta, d'aicmeofaí iad faoi chód TARIC 3824 30 00 10 faoi réir beart. Dá bhrí sin, mhol sé cód TARIC nua a chruthú a mbeadh a fhoclaíocht an-chosúil le foclaíocht an fhonóta, in ionad cód TARIC nua a chruthú do RTP amháin.

(21) D'áitigh na hiarratasóirí, dá nglacfadh an Coimisiún le moladh Betek, ar an gcéad dul síos, go bhféadfaí dul timpeall ar na bearta trí na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach a chomhlíonann ceanglais an fhonóta a eisiamh ón raon táirge. Ar an dara dul síos, de réir na n-iarratasóirí, d'fhág an fhoclaíocht a mhol Betek scóip ann dul timpeall ar na bearta, ní hamháin le cineálacha áirithe cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach ach le cairbíd tungstain atá measctha le cairbídí eile. Dá réir sin, d'áitigh na hiarratasóirí i bhfabhar chód nua TARIC ar leithligh lena gcumhdófaí 'Cairbíd tungstain atá measctha le cairbídí eile agus/nó nítrídí, bíodh púdar miotalach ann nó ná bíodh'.

(22) D'easaontaigh na hiarratasóirí agus Betek maidir leis an tagairt don cheanglóir orgánach chun RTP a shainmhíniú, tagairt atá ag teastáil de réir na n-iarratasóirí. Mar sin féin, chuir Betek in iúl go dtabharfaí le fios maidir leis na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach (cineálacha cairbíde tungstain nach RTP iad) atá eisiata ó na bearta faoi láthair, go n-aicmeofaí iad faoi chód TARIC 3824 30 00 10 atá faoi réir beart dá mbeadh ceanglóir orgánach riachtanach.

(23) Tar éis thionscnamh an imeachta sin, chuir Betek agus na hiarratasóirí barúlacha breise isteach.

(24) D'áitigh Betek gur allmhairigh sé cineálacha áirithe cairbídí tungstain neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe orgánacha faoi chód TARIC 3824 30 00 90. Deimhníodh an t-aicmiú sin le faisnéis taraife cheangailteach bhailí a d'eisigh an Phríomh-Oifig Custaim in Hannover tar éis scrúdú a dhéanamh ar shampla den táirge. Dá bhrí sin, ní raibh an táirge sin a d'allmhairigh Betek faoi réir na mbeart frithdhumpála.

(25) Thairis sin, a mhéid a bhaineann le struchtúr chód TARIC a bhí beartaithe ag na hiarratasóirí sna barúlacha uathu an 6 Meán Fómhair 2023, d'athdhearbhaigh Betek barúlacha a cuireadh in iúl cheana ag rá go mbeadh leathnú gan údar ar raon feidhme an táirge mar thoradh ar chruthú chód TARIC nua do RTP amháin agus ar scriosadh an fhonóta.

(26) D'ardaigh Betek cúiseanna imní áirithe maidir le nósanna imeachta i ndáil leis an imeacht reatha. Mhaígh Betek nach bhféadfadh an t-imeacht reatha a bheith ina bhealach chun dul timpeall ar theorainn ama an athbhreithnithe éaga is deireanaí go háirithe, nach féidir a athoscailt ná nach féidir leanúint de. Mhaígh sé freisin, san imeacht reatha, nár fhoilsigh an Coimisiún fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus, dá bhrí sin, go raibh an baol ann nach mbeadh páirtithe leasmhara nua, páirtithe nach raibh mar chuid den athbhreithniú éaga is deireanaí, in ann páirt a ghlacadh san imeacht reatha agus nach mbeadh an deis tugtha dóibh barúil a thabhairt. Ar deireadh, d'áitigh Betek, cé go bhfuil saoirse ag an gCoimisiún cóid TARIC nua a chruthú, nárbh ann do bhunús dlí infheidhme a chuireann ar a chumas don Choimisiún imscrúdú breise a dhéanamh ar an ábhar ós rud é nach gceadaítear le hAirteagal 14(1) den bhun-Rialachán agus Airteagal 56(5) de Chód Custaim an Aontais bearta faireachais a fhorchur ar na táirgí a eisiatar ó bhearta frithdhumpála, ós rud é nár tionscnaíodh aon athbhreithniú ná aon imscrúdú toisc nár foilsíodh é san *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Níorbh fhéidir bearta frithdhumpála a fhorchur ach ar tháirgí a bhí ina n-ábhar in imscrúduithe frithdhumpála amháin. Mhaígh Betek freisin go mbeadh nós imeachta *sui generis* ar neamhréir le hAirteagal 57 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([19]), ós rud é go rachadh sé timpeall ar fhorálacha nós imeachta riachtanacha amhail teorainneacha ama agus ceanglais foilseacháin.

(27) D'áitigh na hiarratasóirí nár eisiadh na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha le púdar miotalach, a chomhlíonann ceanglais an fhonóta, ó raon feidhme na mbeart frithdhumpála riamh. Dá bhrí sin, níl aon cheart dlíthiúil ag allmhaireoirí an táirge sin a allmhairiú saor ó dhleacht. Ar an gcúis sin, áitíonn na hiarratasóirí nach n-athraíonn scriosadh an fhonóta agus cruthú chód TARIC nua don RTP amháin an raon táirge.

([19]) Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 303, 14.12.2007, lch. 1).

4.3. **Measúnú agus conclúidí an Choimisiúin**

(28) Rinne an Coimisiún measúnú ar na maímh maidir le foirm agus dlíthiúlacht an nós imeachta sin. Ansin chuir sé an fhaisnéis agus na barúlacha ar fad san áireamh chun teacht ar an bhfoclaíocht deiridh maidir le cruthú an struchtúir TARIC nua.

(29) Ar an gcéad dul síos, cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach raibh an t-imeacht reatha in ainm raon táirge na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí den táirge lena mbaineann a athrú. Is é is aidhm don struchtúr TARIC nua bailiúchán sonraí níos beaichte a éascú gan aon athrú a dhéanamh ar chumhdach na mbeart atá i bhfeidhm. Le fírinne, scar an Coimisiún cruthú an struchtúir TARIC nua ón athbhreithniú éaga is deireanaí toisc go raibh tuilleadh ama ag teastáil uaidh chun a áirithiú nach mbeadh tionchar ag na cóid TARIC nua ar raon feidhme na mbeart.

(30) Ar an dara dul síos, gan beann ar a mhaígh Betek, ní leanúint den athbhreithniú éaga is deireanaí atá san imeacht reatha ná ní athoscailt an athbhreithnithe éaga is deireanaí atá ann. Is é is aidhm don imeacht reatha a fháil amach cé acu atá údar le cruthú struchtúr cód TARIC nua nó nach bhfuil agus cé acu atá faireachas ar bhonn Airteagail 56(5) de Chód Custaim an Aontais iomchuí nó nach bhfuil. Cuireann an fhoráil sin ar a chumas don Choimisiún cóid TARIC a chruthú nó a athstruchtúrú chun faireachán níos beaichte a dhéanamh ar allmhairí – admhaíonn Betek go bhfuil an saincheart ag an gCoimisiún déanamh amhlaidh – agus na cóid ábhartha a chur faoi réir faireachais. Thairis sin, le hAirteagal 14(1) den bhun-Rialachán tugtar de chumhacht don Choimisiún an fhoirm agus na critéir a shonrú do na húdaráis chustaim chun na dleachtanna a bhailiú.

(31) Ar an tríú dul síos, níl aon oibleagáid dhlíthiúil ann dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara in imeacht cosanta trádála maidir le cruthú cóid TARIC, nach gcumhdaítear le bearta fiú sa chás seo, agus a chruthaítear chun faireachán níos beaichte a dhéanamh ar shreafaí allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi chód TARIC iarmharach 3824 30 00 90. Mar sin féin, chinn an Coimisiún na páirtithe leasmhara san athbhreithniú éaga is deireanaí a choimeád páirteach, agus an deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara nua páirt a ghlacadh san imeacht, toisc gur ardaíodh an cheist i gcomhthéacs imeachta cosanta trádála ina raibh páirtithe leasmhara ag glacadh páirt agus ag tabhairt barúlacha.

(32) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an neamhréir líomhnaithe le hAirteagal 57 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, thug an Coimisiún dá aire nach ann d'Airteagal 57 sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Sa chás gurbh é Airteagal 41 maidir leis an gceart chun dea-riaracháin nó Airteagal 47 maidir leis an gceart chun leighis éifeachtaigh a bhí i gceist ag Betek, bheadh an argóint gan bhunús, toisc nach ndéanann an faireachas difear diúltach d'aon pháirtí leasmhar. Is uirlis é lenar féidir le húdaráis chustaim faireachán níos beaichte a dhéanamh ar shreafaí allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi chód TARIC iarmharach 3824 30 00 90.

(33) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a bhaineann le dlíthiúlacht agus iontaofacht an nós imeachta sin.

(34) Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus na barúlacha uile a fuarthas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh na sonraí a bhí le fáil ón struchtúr cód TARIC atá ann faoi láthair beacht go leor chun faireachán a dhéanamh ar an sreabhadh allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi chód TARIC iarmharach 3824 30 00 90, ná chun RTP a idirdhealú ó tháirgí eile faoin gcód céanna. Tháinig sé ar an gconclúid freisin, dá scriosfaí an fonóta i sainmhíniú an táirge agus dá gcruthófaí cód TARIC nua le haghaidh RTP amháin, go n-athrófaí raon feidhme na mbeart toisc go mbeadh an riosca ann – gan an fonóta a bheith ann – go n-aicmeofaí meascáin seachas RTP, meascáin a eisiatar ón raon táirge faoi láthair, laistigh de raon feidhme táirge na mbeart.

(35) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár lig an struchtúr a mhol na hiarratasóirí ina mbarúlacha an 6 Meán Fómhair 2023 na rudaí seo a leanas a dheighilt: (i) RTP, (ii) na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach agus a chomhlíonann ceanglais an fhonóta, agus (iii) an chairbíd tungstain atá measctha le cairbídí eile, bíodh púdar miotalach inti nó ná bíodh, agus bíodh ceanglais an fhonóta á gcomhlíonadh aici nó ná bíodh. Go deimhin, sa struchtúr a mhol na hiarratasóirí coinníodh (ii) agus (iii) le chéile laistigh de cód TARIC nua amháin. Ar an gcúis sin, chinn an Coimisiún an cód TARIC nua sin a bhí beartaithe a dheighilt.

(36) Mar thoradh air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart na cóid TARIC faoi chód AC 3824 30 00 a athstruchtúrú.

(37) Le bheith beacht, ba cheart trí chód TARIC nua a chruthú. Ba cheart RTP a bheith cumhdaithe faoin gcéad cheann agus is mar a leanas ba cheart é a léamh: 'Púdar réidh le brú, ar cáithníní iad atá sféarúil nó gráinneach atá múnlaithe, aonchineálach agus saor ag sreabhadh, atá measctha go simplí le púdar miotalach agus/nó le cairbídí eile, agus le ceanglóir orgánach', agus ba cheart dó ceanglais an fhonóta a chomhlíonadh. Sa dara ceann ba cheart a áireamh na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach (cineálacha cairbíde tungstain nach RTP iad), a chomhlíonann ceanglais an fhonóta freisin, agus is mar a leanas ba cheart é a léamh: 'Eile, ar cáithníní iad atá sféarúil nó gráinneach atá múnlaithe, aonchineálach agus saor ag sreabhadh, atá measctha go simplí le púdar miotalach agus/nó le cairbídí eile'. Sa tríú ceann ba cheart a áireamh cairbíd tungstain eile atá measctha go simplí le cairbídí eile, bíodh púdar miotalach iontu nó ná bíodh, agus bíodh ceanglais an fhonóta á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh, agus mar a leanas ba cheart é a léamh: 'Eile, measctha go simplí le púdar miotalach agus/nó le cairbídí eile'.

(38) An cód TARIC lena mbaineann bearta – cód TARIC 3824 30 00 10 – ba cheart gan athrú a dhéanamh air agus níor cheart ach an tuairisc a thabhairt cothrom le dáta chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an struchtúr TARIC nua, ionas gur 'Cáithníní neamhrialta ar beag an tsreafacht atá iontu, atá measctha go simplí le púdar miotalach' a bheidh ann.

(39) Níor cheart athrú a dhéanamh ar chód TARIC iarmharach 3824 30 00 90 ná ar a thuairisc. Mar sin féin, bunaithe ar an struchtúr cód TARIC nua, ní bheidh cairbíd tungstain san áireamh a thuilleadh, agus beidh cairbídí miotail neamhcheirtleánaithe eile atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha ann ina hionad.

(40) Mar thoradh ar an struchtúr TARIC nua sin, ba cheart an fonóta a scriosadh, gan an riosca a bheith ann go n-aicmeofaí laistigh den raon táirge táirgí atá eisiata ón raon táirge faoi láthair ag an bhfonóta.

(41) Na táirgí a cumhdaíodh faoi raon feidhme na mbeart roimhe seo, nó a eisiadh uaidh, tá siad mar a bhí. Bunaithe ar struchtúr nua an chóid TARIC, d'fhéadfadh sé go n-aicmeofaí táirgí eisiata i gcód TARIC difriúil nua, nach bhfuil na bearta i bhfeidhm maidir leis fós.

(42) Leis an struchtúr cód TARIC nua sin, beidh an Coimisiún in ann faireachán níos beaichte a dhéanamh ar fhorbairt allmhairí cairbídí tungstain neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne, go háirithe na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach, a chomhlíon ceanglais an fhonóta, chomh maith le cairbíd tungstain atá measctha le cairbídí eile, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, nach bhfuil faoi réir bearta frithdhumpála, i gcomparáid le hallmhairí an táirge lena mbaineann atá faoi réir bearta frithdhumpála. Maidir leis na hallmhairí cairbíde tungstain neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha ó Dhaon-Phoblacht na Síne, beidh siad faoi réir faireachais chun a áirithiú go mbeidh na sonraí ar fáil.

(43) Ba cheart na bearta faireachais a bheith i bhfeidhm le linn thréimhse chur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha le púdar miotalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4.4. **Barúlacha tar éis an nochta**

(44) An 20 Meitheamh 2024, nocht an Coimisiún a thorthaí do pháirtithe leasmhara. Fuarthas barúlacha ó na hiarratasóirí san athbhreithniú éaga is deireanaí agus ó Betek. Chuir na hiarratasóirí barúlacha isteach freisin an 17 Meitheamh 2024, díreach roimh an nochtadh, nach bhféadfaí a chur san áireamh sa nochtadh do pháirtithe.

(45) Chuir na hiarratasóirí isteach sonraí allmhairiúcháin ráithiúla ó Eurostat idir R1 2022 agus R1 2024 a léiríonn go raibh méid mór allmhairí faoi chód AC 3824 30 00 fós ann agus nach raibh athrú orthu le linn na tréimhse sin. Dá bhrí sin, thathantaigh siad ar an gCoimisiún cód TARIC ar leithligh a chruthú chun faireachán níos beaichte a dhéanamh ar allmhairí na dtáirgí a eisiatar ón bhfonóta. Dúirt siad, má chinneann an Coimisiún go raibh meascáin seachas RTP a chomhlíonann ceanglais an fhonóta eisiata ó raon táirge na mbeart, bheadh sonraí custaim ag teastáil chun iarraidh ar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thaisceadh. D'fhreagair Betek trína lua, a chuid allmhairí de mheascáin seachas RTP a chomhlíonann ceanglais an fhonóta, nach bhfuil siad ag déanamh dochar do na bearta frithdhumpála. Mheabhraigh Betek go bhfuair sé faisnéis taraife cheangailteach tar éis mionscrúdú ar an sampla táirgí, mar a luaitear in aithris (24).

(46) Thug an Coimisiún dá aire barúil na n-iarratasóirí agus chuir sé i dtábhacht nach féidir leis cumhdach na mbeart frithdhumpála a leathnú. Áiritheoidh an t-athstruchtúrú seo ar na cóid TARIC go ndéanfar faireachán níos beaichte ar allmhairí, gan beann ar aon imscrúdú amach anseo agus gan aon tionchar a bheith aige ar na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair.

(47) Thairis sin, mhaígh na hiarratasóirí nár thug an nochtadh aghaidh ar an gceist maidir le cé acu atá na meascáin seachas RTP a chomhlíonann ceanglais an fhonóta cumhdaithe leis na bearta nó nach bhfuil. Chuige sin, thagair siad do na haighneachtaí a rinneadh roimhe sin, agus iad á chur i dtábhacht nach RTP iad na meascáin seachas RTP a chomhlíonann ceanglais an fhonóta ach go bhfuil na saintréithe fíor-riachtanacha céanna acu agus atá ag cairbíd tungstain le púdar miotalach nach bhfuil an cumas aici a bheith saor ag sreabhadh. D'easaontaigh Betek agus d'áitigh sé nach bhfuil aon saintréith ag meascáin seachas RTP a chomhlíonann ceanglais an fhonóta atá inchomparáide leis an táirge atá faoi réir na mbeart frithdhumpála.

(48) Dheimhnigh an Coimisiún in aithris (34) thuas nár cumhdaíodh meascáin seachas RTP leis an raon táirge toisc gur ar bhonn a saintréithe a chomhlíonann siad ceanglais an fhonóta (lena n-áirítear an cumas a bheith saor ag sreabhadh), agus dá bhrí sin níl siad cumhdaithe leis na bearta. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na barúlacha sin.

(49) Thairis sin, d'iarr na hiarratasóirí ar an gCoimisiún a dheimhniú go mbeadh allmhairí faoin gcód TARIC 3824 30 00 30 atá beartaithe faoi réir na mbeart.

(50) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach n-athraíonn athruithe reatha sa struchtúr TARIC cumhdach na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm. Mar a luaitear in aithris (37), maidir leis na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach (cineálacha cairbíde tungstain nach RTP iad), a chomhlíonann ceanglais an fhonóta freisin, agus a áirítear sa chód TARIC 3824 30 00 30 atá beartaithe, níl siad faoi réir na mbeart. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(51) Ar deireadh, maidir leis an struchtúr cód TARIC, luaigh na hiarratasóirí an struchtúr cód TARIC a moladh sna barúlacha uathu an 6 Meán Fómhair 2023 ar dtús, ach mhaígh siad ina dhiaidh sin nach raibh aon bharúil acu maidir leis an struchtúr TARIC a mhol an Coimisiún.

(52) Mhínigh an Coimisiún in aithris (35) cén fáth nach raibh an struchtúr TARIC a mhol na hiarratasóirí iomchuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na barúlacha sin.

(53) Ina ionad sin, d'áitigh Betek maidir leis na meascáin cairbíde tungstain atá saor ag sreabhadh agus nach bhfuil faoi réir beart, go raibh a bhforoinnt ina dtrí chód saorga agus thacaigh sé le grúpáil na gcód TARIC 3824 30 00 20, 3824 30 00 30 agus 3824 30 00 40 a moladh isteach in aon chód TARIC amháin lena gcumhdaítear RTP, meascáin seachas RTP a chomhlíonann ceanglais an fhonóta, agus meascáin cairbíde tungstain eile.

(54) Thug na hiarratasóirí freagra ar an struchtúr TARIC sin trína mhaíomh go bhfuil airíonna ceimiceacha, fisiceacha agus teicniúla coiteanna ag gach cairbíd tungstain, gan beann ar an gcumas a bheith saor ag sreabhadh. Dar leis na hiarratasóirí go raibh difríocht ann idir cairbídí tungstain atá measctha le púdar miotalach agus RTP agus gurbh é láithreacht ceanglóra orgánaigh ba chúis leis. Dá bhrí sin, mhaígh na hiarratasóirí gurb é is cuspóir le moladh Betek deighilt cheart idir RTP agus meascáin eile a chomhlíonann ceanglais an fhonóta a chosc.

(55) Ar deireadh, mhaígh Betek nach léir cé na táirgí ba cheart a bheith faoin gcód TARIC beartaithe 3824 30 00 40.

(56) Mheabhraigh an Coimisiún an breithniú a rinneadh in aithris (35), ar dá réir nár lig an struchtúr cód TARIC a mhol Betek, ar aon dul leis an struchtúr a mhol iarratasóirí an 6 Meán Fómhair 2023, na rudaí seo a leanas a dheighilt: (i) RTP, (ii) na cineálacha cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach agus a chomhlíonann ceanglais an fhonóta, agus (iii) an chairbíd tungstain atá measctha le cairbídí eile, bíodh púdar miotalach inti nó ná bíodh, agus bíodh ceanglais an fhonóta á gcomhlíonadh aici nó ná bíodh. Ní fhéadfaí méid agus ábharthacht na dtáirgí éagsúla a thuiscint, agus faireachán beacht a dhéanamh ar na hallmhairí dá réir sin, ach amháin le struchtúr a dheighleann RTP ó mheascáin eile a chomhlíonann ceanglais an fhonóta. Thairis sin, tá gá le cód TARIC 3824 30 00 40 chun faireachas ceart ar na cóid sin a áirithiú, mar, gan an cód sin, thiocfadh aon mhodhnú eile de na meascáin cairbíde tungstain faoi chód TARIC iarmharach 3824 30 00 90, nach bhfuil faoi réir faireachais, le gach meascán cairbíde miotail eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil sin.

(57) Tar éis aghaidh a thabhairt ar na barúlacha thuas, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí.

(58) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán agus de Choiste an Chóid Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Chód Custaim an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirtear an mhír seo a leanas in ionad Airteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1618:

'1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach, atá faoi láthair faoi chóid AC 2849 90 30 agus ex 3824 30 00 (cód TARIC 3824 30 00 10) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.'

2. Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1618:

'4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an struchtúir TARIC le haghaidh cairbídí tungstain neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha:

	-- Cairbídí tungstain
3824 30 00 10	--- Cáithníní neamhrialta ar beag an tsreafacht atá iontu, atá measctha go simplí le púdar miotalach
3824 30 00 20	--- 'Púdar réidh le brú', ar cáithníní iad atá sféarúil nó gráinneach atá múnlaithe, aonchineálach agus saor ag sreabhadh, atá measctha go simplí le púdar miotalach agus/nó le cairbídí eile, agus le ceanglóir eile
3824 30 00 30	--- Eile, ar cáithníní iad atá sféarúil nó gráinneach atá múnlaithe, aonchineálach agus saor ag sreabhadh, atá measctha go simplí le púdar miotalach agus/nó le cairbídí eile
3824 30 00 40	--- Eile, measctha go simplí le púdar miotalach amháin agus/nó le cairbídí eile
3824 30 00 90	-- Eile

5. Cairbídí tungstain neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha, cairbídí a aicmítear faoi 3824 30 00 10, 3824 30 00 20 agus 3824 30 00 30 faoi láthair, is féidir a sreafacht nó a n-easpa sreafachta a thomhas agus a bhunú trí úsáid a bhaint as tonnadóir calabraithe e.g. méadar sreafa HALL de réir chaighdeán ISO 4490.'.

Airteagal 2

1. Allmhairí faoi na cóid TARIC a luaitear in Airteagal 1, ach amháin 3824 30 00 90, nó aon chód comhfhreagrach a bheidh ann amach anseo, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, beidh siad faoi réir faireachais chun gur féidir leis an gCoimisiún treochtaí staidrimh a leanúint a bhaineann le hallmhairí cairbíde tungstain neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha, i gcomhréir le hAirteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

2. Tiocfaidh deireadh leis na bearta faireachais a thugtar isteach le mír 1 nuair a dhéanfar an dleacht frithdhumpála ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a fhoirceannadh nó nuair a théann sí i léig.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN